# COMHALTAÍ AGUS SCAIRSHEALBHÓIRÍ

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart ar a bhfuil sa doiciméad seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan aon chead eile, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse.

Ní dhéanfar aon ní atá anseo istigh a fhorléiriú mar léiriú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar a cheann, ar an tuiscint nó an léirmhíniú atá aige ar aon cheann de na forálacha d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), nó ar an léirmhíniú ar aon dlí.

Ba cheart comhairle dlí neamhspleách a lorg i ndáil leis na héifeachtaí atá ag aon fhoráil dlí.

Ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as a bhfuil san fhoilseachán seo nó as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh sa doiciméad seo. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le forálacha an doiciméid seo.

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Clár Ábhar


**1.0 Réamhrá** 1

**2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Comhaltaí agus Scairshealbhóirí** 2

2.1 Cad is Comhalta ann? 2

2.2 Cad is Scairshealbhóir ann? 2

2.3 Clár Comhaltaí 2

2.4 Dualgais Comhaltaí agus Scairshealbhóirí 3

2.5 Cearta agus Cumhachtaí Comhaltaí agus Scairshealbhóirí 3

2.5.1 Aistriú Scaireanna 3

2.5.2 Díbhinn agus Dáileadh 3

2.5.3 Cearta Réamhcheannaigh Scairshealbhóirí 4

2.5.4 Ceart chun Páirt a Ghlacadh i bhFoirceannadh 4

2.5.5 Cearta maidir le Cruinnithe Comhaltaí 5

Cruinnithe Ginearálta Bliantúla (CGB) 5

Cruinnithe Ginearálta Urghnácha (CGUnna) 5

Rúin 6

Ceart chun Fógra a Fháil faoi Chruinnithe 7

Fógra faoi Chruinniú 7

Seachvótálaí 8

Córam 8

Cathaoirleach 8

Vóta Comhaltaí 8

2.5.6 Cearta Comhaltaí chun Faisnéis a Fháil 9

2.5.7 Cumhachtaí Comhaltaí i gcás go ndearna an Chuideachta Mainneachtain 10

2.5.8 Ceart Comhaltaí chun Iarratas a Dhéanamh ar Chuideachta a Chur ar Ais ar an gClár 10

2.5.9 Cearta Comhaltaí chun Imscrúdú ar Chuideachta a Lorg 11

2.5.10 Ceart chun Achainí a Dhéanamh ar Chuideachta a Fhoirceannadh 12

2.5.11 Ceart chun Achainí a Dhéanamh ar Fhaoiseamh i gCásanna Leatroim 12

| | | |
|---|---|---|
| **3.0** | **Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí** | **13** |
| 3.1 | Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla | 13 |
| | Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt | 13 |
| 3.2 | Pionóis Shibhialta | 14 |
| | Dícháiliú | 14 |
| | Dícháiliú Uathoibríoch | 14 |
| | Gealltanas maidir le Dícháiliú | 15 |
| | Srian | 15 |
| | Gealltanas maidir le Srian | 15 |
| | Cuideachta a Bhaint den Chlár | 16 |
| **Aguisín A: Aicmí Scaireanna** | | **17** |
| | Réamhrá | 17 |
| | Gnáthscaireanna | 17 |
| | Scaireanna Tosaíochta | 17 |
| | Scaireanna Infhuascailte | 17 |
| | Scaireanna Bónais | 17 |
| **Aguisín B: Foirm Seachvótálaí** | | **18** |
| **Aguisín C: Foirm Léiritheach agus a mBeidh i Miontuairiscí ar Chruinnithe Ginearálta** | | **19** |
| | Cruinnithe Ginearálta Cuideachtaí | 19 |

# 1.0 Réamhrá

## Le hAcht na gCuideachtaí, 2014 (‘Acht na gCuideachtaí’ anseo ina dhiaidh seo), rinneadh Achtanna Cuideachtaí roimhe sin a chomhdhlúthú agus a leasú. Leis an Acht, cruthaíodh cineálacha nua cuideachta agus tugadh isteach roinnt athruithe ar róil páirtithe éagsúla i ndlí na gcuideachtaí.

Leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, bunaíodh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tugadh a feidhmeanna anonn le hAcht na gCuideachtaí. Le hAcht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (‘an tÚdarás’) agus forfheidhmeoidh sé anois dlí na gcuideachtaí in Éirinn.

Ceann amháin d’fheidhmeanna an Údaráis is ea comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. Dá réir sin, eiseoidh an tÚdarás sraith Leabhar Faisnéise ina dtabharfar breac-chuntas ar phríomhróil agus príomhfhreagrachtaí roinnt de na príomhghníomhaithe i ndlí na gcuideachtaí agus chun cabhrú le daoine nach gairmithe iad eolas níos fearr a ghnóthú ar a gcuid ceart agus oibleagáidí faoin dlí.

**Baineann na Leabhair Faisnéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis na topaicí seo a leanas:**

**Leabhar Faisnéise 1 – Treoir Aonair do Chuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 4 – Rúnaithe Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 5 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**
**Leabhar Faisnéise 6 – Iniúchóirí**
**Leabhar Faisnéise 7 – Creidiúnaithe**
**Leabhar Faisnéise 8 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar na dualgais agus cumhachtaí iomchuí, tá faisnéis le fáil i ngach leabhar faoi na pionóis mar gheall ar mhainneachtain Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh.

Measann an tÚdarás go bhfuil sé tábhachtach gur cheart do dhaoine aonair a bhaineann leas as tairbhí agus pribhléidí an chorpraithe a bheith ar an eolas faoi na dualgais agus freagrachtaí comhfhreagracha. Tá na Leabhair Faisnéise sin ceaptha chun cur leis an bhfeasacht atá ag daoine aonair i ndáil leis na dualgais agus freagrachtaí sin.

Chomh maith leis sin, ullmhaíodh gach leabhar lena úsáid ag léitheoirí nach gairmithe iad chun príomhcheanglais dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh níos fusa le tuiscint.

Athdhearbhaíonn an tÚdarás nach féidir an treoir seo a fhorléiriú mar ní lena dtairgtear léiriú ar éifeachtaí dlíthiúla fhorálacha iomchuí Acht na gCuideachtaí.

Tá sé tábhachtach a lua gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil amhras ar léitheoirí faoina n-oibleagáidí dlíthiúla nó faoina gcearta, ba cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách dlí nó cuntasaíochta a iarraidh de réir mar is cuí.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Iúil 2022**

# 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

## 2.1 Cad is Comhalta ann?

Is é is comhalta de chuideachta ann ná duine atá páirteach i gcaipiteal na cuideachta, atá cláraithe mar sin, agus atá i dteideal cearta áirithe. Meastar gur chomhaontaigh na sínitheoirí tosaigh le bunreacht cuideachta le teacht chun bheith ina 'gcomhaltaí' den chuideachta, agus, ar a clárú, taifeadtar a n-ainm mar chomhaltaí ina clár comhaltaí. Gach duine eile a chomhaontaíonn le teacht chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de chuideachta, agus a dtaifeadtar a ainm nó a hainm ina clár comhaltaí, tiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chuideachta[1].

## 2.2 Cad is scairshealbhóir ann?

Is é is scairshealbhóir ann ná duine a shealbhaíonn scair nó scaireanna i gcuideachta. Tagann scairshealbhóir chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta tráth a thaifeadtar a ainm nó a hainm i gclár na gcomhaltaí. Tá éagsúlacht ann maidir le cearta agus freagrachtaí comhaltais, ag brath ar chineál na cuideachta. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, gurb amhlaidh, maidir le duine a cheannaíonn scaireanna i gcuideachta, nach dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chuideachta go dtí go dtaifeadtar a ainm nó a hainm i gclár na gcomhaltaí, cé gur scairshealbhóir é nó í ón dáta ceannaigh.

**Féadfaidh cead a bheith ag cuideachta, de réir a bunreachta, aicmí difriúla scaireanna a eisiúint, ar aicmí iad a d'fhéadfadh idirdhealú a dhéanamh idir cearta na scairshealbhóirí sa chuideachta.**

*Is leagtha amach in Aguisín A atá tuilleadh mionsonraí faoi na haicmí scaireanna a fhéadfar a eisiúint.*

## 2.3 Clár Comhaltaí

Tá oibleagáid ar gach cuideachta clár a choimeád dá comhaltaí[2]. Ní mór an clár a choimeád ag áit laistigh den Stát, a bhféadfaidh sí a bheith ar cheann amháin de na háiteanna seo a leanas: oifig chláraithe na cuideachta; a príomháit ghnó; nó áit eile. Mura gcoimeádtar an clár ag oifig chláraithe na cuideachta, ceanglaítear ar an gcuideachta fógra a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí faoi cén áit a gcoimeádtar an clár agus faoi aon athrú ar an áit sin[3].

Tá an clár ar fáil chun a iniúchta ag gach comhalta saor in aisce agus ag aon duine den phobal ar an táille iomchuí a íoc[4].

Ní mór na sonraí seo a leanas a bheith i gclár na gcomhaltaí:

- ainmneacha agus seoltaí na gcomhaltaí;
- ráiteas ar na scaireanna atá i seilbh ag gach comhalta, ina n-aithnítear gach scair as a haicme agus a huimhir agus ina sonraítear an méid a íocadh (nó ar comhaontaíodh go meastar é a bheith íoctha) ar scaireanna gach comhalta;
- an dáta a taifeadadh gach duine sa chlár mar chomhalta; agus
- an dáta a scoir gach duine de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den chuideachta.

1. Alt 168 d'Acht na gCuideachtaí.
2. Alt 169 d'Acht na gCuideachtaí.
3. Alt 216(6) d'Acht na gCuideachtaí.
4. Alt 216(8) agus (9) d'Acht na gCuideachtaí.

## 2.4 Dualgais Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

Is é an príomhdhualgas atá ar aon chomhalta is scairshealbhóir an méid, más ann, atá gan íoc fós i ndáil leis an bpraghas a comhaontaíodh as an scair sa leithroinnt bhunaidh a íoc leis an gcuideachta. Tagann an tsuim sin chun bheith iníoctha ag an scairshealbhóir nuair a dhéanann an chuideachta glao orthu, nó i gcás go bhforáiltear leis na téarmaí eisiúna don íocaíocht i dtráthchodanna, ar an dáta íocaíochta. Maidir le scairshealbhóirí i gcuideachta a bhfuil dliteanas neamhtheoranta uirthi, tá dliteanas gan teorainn orthu i leith fhiacha na cuideachta i gcás go bhfuil sí dócmhainneach, i.e., neamhábalta a fiacha a íoc.

## 2.5 Cearta agus Cumhachtaí Comhaltaí agus Scairshealbhóirí

Leagtar amach in Acht na gCuideachtaí agus, i bhformhór na gcásanna, i mbunreacht na cuideachta na cumhachtaí atá ag comhaltaí agus na cumhachtaí sin a tharmligeann na comhaltaí chuig stiúrthóirí na cuideachta. Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí gurb iad stiúrthóirí na cuideachta a bhainisteoidh gnó na cuideachta, ar stiúrthóirí iad a fhéadfaidh feidhmiú a dhéanamh ar gach cumhacht den sórt sin de chuid na cuideachta nach gceanglaítear le hAcht na gCuideachtaí ná leis an mbunreacht go bhfeidhmeodh comhaltaí na cuideachta iad i gcruinniú ginearálta[5].

**Ní mór do na comhaltaí roinnt nithe tábhachtacha a cheadú, amhail athrú ar bhunreacht na cuideachta. Tríd an mbunreacht a leasú, féadfaidh comhaltaí a gcaidreamh leis na stiúrthóirí a athrú.**

### 2.5.1 Aistriú Scaireanna[6]

Féadfaidh comhalta de chuideachta phríobháideach[7] scaireanna sa chuideachta a aistriú trí ionstraim i scríbhinn a bheidh ceadaithe ag na Stiúrthóirí. Féadfaidh na stiúrthóirí dá lánrogha féin, agus gan aon chúis a thabhairt leis, diúltú clárú a dhéanamh ar an aistriú scaireanna. I gcás go ndiúltaíonn na stiúrthóirí an t-aistriú scaireanna, ní mór dóibh, laistigh de dhá mhí tar éis sheachadadh na hionstraime aistrithe, fógra maidir leis an diúltú a thabhairt don aistrí[8].

### 2.5.2 Díbhinn agus Dáileadh

Is é is díbhinn ann ná dáileadh sócmhainní áirithe de chuid cuideachta ar a scairshealbhóirí. Ní fhéadfar í a íoc ach amháin as na brabúis de chuid na cuideachta atá ar fáil lena ndáileadh[9]. Is iad glanbhrabúis réadaithe charntha na cuideachta na brabúis atá ar fáil lena ndáileadh. Maidir le brabúis agus cúlchistí eile, amhail brabúis neamhréadaithe nó scairphréimh, ní fhéadfar iad a úsáid chun díbhinn a dhearbhú. Féadfaidh cuideachta, le gnáthrún, díbhinn a dhearbhú ach ní mó aon díbhinn ná an méid a mholfaidh na stiúrthóirí, agus ní mór do na stiúrthóirí[10] éifeacht a thabhairt do rún den sórt sin.

Ní bheidh aon oibleagáid dhlíthiúil ann ar chuideachta díbhinn a dhearbhú, fiú i gcás go bhfuil brabúis indáilte leordhóthanacha ar fáil, mura sonraítear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta. Féadfaidh cuideachta i gcruinniú ginearálta, ar mholadh na stiúrthóirí, a chinneadh go n-úsáidfear an tsuim atá ar fáil lena dáileadh trí bhíthin díbhinne a úsáid chun an chuideachta a chaipitliú ar bhonn comhréireach.

5. Alt 158 d'Acht na gCuideachtaí.
6. Alt 94 d'Acht na gCuideachtaí.
7. Féach rannán 2.4 de Leabhar Faisnéise 2 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chuideachtaí príobháideacha.
8. Alt 95 d'Acht na gCuideachtaí.
9. Alt 117(1) d'Acht na gCuideachtaí.
10. Alt 124 d'Acht na gCuideachtaí.

Ní fhéadfaidh CPT dáileadh sócmhainní a dhéanamh aon tráth ach amháin más rud é nach lú, an tráth sin, méid a ghlansócmhainní ná comhiomlán scairchaipiteal glaoite an CPT agus a chúlchistí neamhindáilte, agus más rud é nach ndéanfaidh an dáileadh méid na sócmhainní sin a laghdú go dtí méid is lú ná an comhiomlán sin[11].

### 2.5.3 Cearta Réamhcheannaigh Scairshealbhóirí

Le hAcht na gCuideachtaí, tugtar ceart reachtúil 'réamhcheannaigh' do na comhaltaí láithreacha de CPT. Fágann sé sin gurb amhlaidh, i gcás go n-eisítear scaireanna nua sa chuideachta, atá ceart uathoibríoch ag na scairshealbhóirí láithreacha chun an chéad diúltú chun na scaireanna sin a cheannach i gcomhréir lena scairshealbha láithreacha. Ní bheidh páirtithe seachas na scairshealbhóirí láithreacha i dteideal, dá bhrí sin, scaireanna nua-eisithe sa chuideachta a cheannach ach amháin má dhiúltaíonn na scairshealbhóirí láithreacha a gcearta réamhcheannaigh a fheidhmiú[12].

Faoin scéim reachtúil réamhcheannaigh, ní mór an tairiscint scaireanna do na scairshealbhóirí láithreacha a sheirbheáil ar na comhaltaí ar an modh céanna a sheirbheáiltear fógraí i dtaobh cruinnithe ginearálta agus ní mór tréimhse nach giorra ná ceithre lá dhéag a sholáthar léi ar lena linn a fhéadfar glacadh leis an tairiscint agus nach bhféadfar an tairiscint a tharraingt siar[13].

Maidir leis na cearta reachtúla réamhcheannaigh atá leagtha amach thuas, féadfar iad a bhaint de ghnáth leis an mbunreacht nó le rún speisialta de chuid na cuideachta (is é is rún speisialta ann ná rún a ritheann 75% de na comhaltaí sin a chaitheann vóta é). I gcás go gcuirtear rún chun na héifeachta sin os comhair cruinniú de chuid na cuideachta, áfach, is amhlaidh, de bhreis ar an bhfógra i dtaobh an chruinnithe, nach mór do na stiúrthóirí ráiteas scríofa a thabhairt do na comhaltaí ina mínítear na cúiseanna atá acu leis an imeacht beartaithe ón scéim reachtúil réamhcheannaigh.

Ní thugtar cearta reachtúla réamhcheannaigh[14]:

- i gcás gur ar chomaoin a íoctar go hiomlán nó go páirteach, ar shlí seachas in airgead tirim, atá an leithroinnt scaireanna;
- i ndáil le leithrannta scaireanna chuig sínitheoirí na cuideachta roimh a corprú;
- i gcás gur i ndáil le scairscéim fostaithe arna bunú ag an gcuideachta atá an leithroinnt scaireanna;
- i gcás gur leithroinnt scaireanna bónais í an leithroinnt;
- i gcás go bhforáiltear amhlaidh leis an mbunreacht nó le rún speisialta de chruinniú ginearálta de chuid na cuideachta.

### 2.5.4 Ceart chun Páirt a Ghlacadh i bhFoirceannadh

Tá an ceart ag scairshealbhóir chun páirt a ghlacadh i bhfoirceannadh cuideachta (is é is foirceannadh ann ná deireadh ordúil arb é díscaoileadh dlíthiúil na cuideachta an toradh atá air). A luaithe a bheidh creidiúnaithe agus caiteachais an leachtaitheora (is é an leachtaitheoir an duine atá ceaptha chun díscaoileadh na cuideachta a sheoladh) íoctha, tabharfar aon chistí atá fágtha ar ais do na scairshealbhóirí i gcomhréir lena scairshealbha, mura bhforáiltear dá mhalairt leis an mbunreacht.

11. Alt 1082 d'Acht na gCuideachtaí.
12. Alt 69 d'Acht na gCuideachtaí.
13. Alt 69(6)(b) d'Acht na gCuideachtaí.
14. Alt 69(12) d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.5 Cearta maidir le Cruinnithe Comhaltaí

Feidhmíonn na comhaltaí de chuideachta rialú ar an gcuideachta ag a cruinnithe. Is leagtha amach in ailt 175 go 199 d'Acht na gCuideachtaí atá na príomhfhorálacha reachtúla a bhaineann le cruinnithe de chuid cuideachta. Go ginearálta, ceanglaítear ar gach cuideachta cruinnithe ginearálta bliantúla (CGBanna) a thionól gach bliain féilire agus níor cheart níos mó ná 15 mhí a bheith imithe thart idir gach cruinniú. Féadfaidh cuideachtaí áirithe (amhail "cuideachta comhalta aonair"[15] agus cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (Teo.)) tionól CGB a ligean thar ceal. I gcás cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna[16], ceadaítear é sin i gcás go síníonn na comhaltaí uile atá i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag an gcruinniú rún scríofa chuige sin roimh an dáta is déanaí le haghaidh an cruinniú a thionól.

#### Cruinnithe Ginearálta Bliantúla (CGB)[17]

Áireofar na nithe seo a leanas le gnó an chruinnithe ghinearálta bhliantúil:

- ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta, tuarascáil na stiúrthóirí agus tuarascáil na n-iniúchóirí (más ann) a bhreithniú;
- athbhreithniú ag na comhaltaí ar chúrsaí na cuideachta;
- ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta, díbhinn (más ann) a dhearbhú d'aon mhéid nach mó ná an méid a mholfaidh na stiúrthóirí;
- luach saothair an iniúchóra reachtúil (más ann) a cheadú;
- stiúrthóirí a thoghadh agus a atoghadh de réir bhunreacht na cuideachta;
- na hiniúchóirí reachtúla a cheapadh nó a athcheapadh, ach amháin i gcás go bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh agus go bhfuil leas bainte aici as an díolúine sin;
- luach saothair na stiúrthóirí, i gcás go bhforáiltear amhlaidh le bunreacht na cuideachta; agus
- aon ghnó eile, amhail bunreacht na cuideachta a leasú, rud dá ngairtear gnó speisialta.

Féadfaidh aon chomhalta den chuideachta iarratas a dhéanamh chuig an Údarás chun a iarraidh nó a ordú go gcomórfaí CGB i gcás go bhfuil CGB dlite thar téarma[18]. Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a bheith déanta chuici, ordú a dhéanamh á cheangal go gcomórfaí cruinniú ginearálta de chuid cuideachta.

#### Cruinnithe Ginearálta Urghnácha (CGUnna)[19]

Gairtear cruinnithe ginearálta urghnácha (CGUnna) de na cruinnithe ginearálta uile de chuid cuideachta, seachas an CGB. Is gnách go gcomórtar CGUnna chun déileáil le gnó speisialta nó le nithe speisialta lasmuigh den ghnáthghnó a sheoltar ag CGB. Féadfaidh na stiúrthóirí de chuid cuideachta CGU a chomóradh aon uair is cuí leo. Más rud é nach bhfuil leorlíon stiúrthóirí ar fáil chun córam a dhéanamh, féadfaidh aon stiúrthóir den chuideachta nó aon chomhalta di CGU a chomóradh sa tslí chéanna leis an tslí ina bhféadfaidh na stiúrthóirí é a chomóradh. Féadfaidh comhalta, nó comhaltaí, a shealbhaíonn 50% nó níos mó de scairchaipiteal íoctha na cuideachta CGU a chomóradh freisin[20].

15. Alt 196 d'Acht na gCuideachtaí.
16. Alt 175(3) d'Acht na gCuideachtaí.
17. Alt 175 d'Acht na gCuideachtaí.
18. Alt 175(5) d'Acht na gCuideachtaí.
19. Alt 177 d'Acht na gCuideachtaí.
20. Alt 178 d'Acht na gCuideachtaí.

Féadfaidh na daoine seo a leanas iarraidh ar na stiúrthóirí CGB a chomóradh:

- comhaltaí a shealbhaíonn 10% nó níos mó de scairchaipiteal íoctha na cuideachta nó 10% de na cearta vótála le haghaidh cuideachta nach bhfuil aon scairchaipiteal aici[21];
- comhalta nó comhaltaí de CPT a shealbhaíonn méid nach lú ná 5% den scairchaipiteal íoctha (lena ngabhann cearta vótála)[22].

Ní mór cuspóirí an chruinnithe a shonrú san fhoréileamh agus ní mór an foréileamh sin a bheith sínithe ag na foréilitheoirí agus a bheith taiscthe ag oifig chláraithe na cuideachta.

Mura dtéann na stiúrthóirí, laistigh de 21 lá tar éis dháta taiscthe an fhoréilimh, ar aghaidh go cuí chun cruinniú a chomóradh a bheidh le tionól laistigh de dhá mhí tar éis an “dáta taiscthe”, féadfaidh na foréilitheoirí, nó 50% de chearta vótála uile gach duine díobh, cruinniú a chomóradh iad féin, ach ní dhéanfar aon chruinniú a chomórfar amhlaidh a thionól laistigh de 3 mhí a bheith caite tar éis an dáta taiscthe[23].

De bhreis air sin, tá oibleagáid ar na stiúrthóirí ar CPT CGU a chomóradh i gcás gurb ionann glansócmhainní CPT agus leath nó riar is lú ná leath de mhéid scairchaipiteal glaoite na cuideachta[24].

### Rúin[25]

Is é is rúin ann ná na cinntí a dhéantar trí vóta de chuid na gcomhaltaí de chuideachta. Is gnách gur ag cruinniú a dhéantar an vóta sin. Ní mór gach rún a rith de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí agus de réir bhunreacht na cuideachta.

Is ionann gnáthrúin agus rúin a ritear le tromlach simplí de na vótaí a chaitheann na comhaltaí de chuideachta atá i dteideal vótáil go pearsanta nó trí sheachvótálaí ag cruinniú[26]. Is trí ghnáthrún a dhéantar an chuid is mó den ghnó chaighdeánach a sheoltar ag CGBanna (e.g., ráitis airgeadais na cuideachta a bhreithniú, stiúrthóirí agus iniúchóirí a thoghadh, etc.).

Is ionann rúin speisialta agus rún a ritear le tromlach cáilithe nach lú ná 75% de na vótaí a chaitheann na comhaltaí de chuideachta atá i dteideal vótáil go pearsanta nó trí sheachvótálaí ag cruinniú[27]. Úsáidtear rúin speisialta chun gnó áirithe a sheoladh ag CGUnna agus ag CGBanna, amhail bunreacht na cuideachta a athrú.

Is é is rún scríofa d’aonghuth ann ná rún i scríbhinn atá sínithe ag gach comhalta de chuideachta atá i dteideal freastal ar chruinniú ginearálta agus vótáil ar rún den chineál sin aige. Beidh sé bailí éifeachtach chun gach críche amhail is dá mbeadh an rún rite ag cruinniú ginearálta den chuideachta a comóradh agus a tionóladh go cuí, agus má thugtar rún speisialta de thuairisc air, measfar gur rún speisialta de réir bhrí Acht na gCuideachtaí é[28].

Is é is rún scríofa tromlaigh ann ná gnáthrún atá sínithe ag an tromlach is gá de chomhaltaí na cuideachta, i gcás go bhfuil téacs beartaithe an rúin agus míniú ar an bpríomhchuspóir atá leis scaipthe ar na comhaltaí go léir den chuideachta atá i dteideal freastal agus vótáil ar an rún[29]. Ní fhéadfaidh ach CPTanna agus CAGanna rún scríofa tromlaigh a úsáid.

21. Ailt 178 agus 1203 d’Acht na gCuideachtaí.
22. Alt 1103 d’Acht na gCuideachtaí.
23. Alt 178 d’Acht na gCuideachtaí.
24. Alt 1111 d’Acht na gCuideachtaí.
25. Alt 191 d’Acht na gCuideachtaí.
26. Alt 191(1) d’Acht na gCuideachtaí.
27. Alt 191(2) d’Acht na gCuideachtaí.
28. Alt 193 d’Acht na gCuideachtaí.
29. Alt 194 d’Acht na gCuideachtaí.

I gcás cuideachta comhalta aonair, meastar an ceanglas chun rún a rith a bheith sásaithe ag cinneadh ón gcomhalta aonair, ar cinneadh é a tharraingítear suas i scríbhinn agus a dtugtar fógra ina thaobh don chuideachta de réir Acht na gCuideachtaí[30].

## Ceart chun Fógra a Fháil faoi Chruinnithe

Tá na comhaltaí uile de chuideachta agus aon duine eile atá i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag cruinniú i dteideal fógra a fháil faoin gcruinniú mar a leanas:

- i gcás CGB, fógra 21 lá ar a laghad[31];
- i gcás CGU do chuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna (Teo.) nó do CTR, fógra 7 lá ar a laghad[32]; agus
- i gcás CGU do CPT, fógra 14 lá ar a laghad[33];

Mar sin féin, i gcás go gceanglaítear rún speisialta a rith, ceanglaítear fógra 21 lá ar a laghad[34] a thabhairt i gcás gach cineáil cuideachta.

Ní mór fógra fadtréimhse nach lú ná 28 lá a thabhairt faoi na himthosca seo a leanas:

- i gcás go mbeartaítear rún chun stiúrthóir a chur as oifig, ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt i mbunreacht na cuideachta (i.e., stiúrthóir a bheidh i seilbh oifige lena shaol nó lena saol)[35];
- i gcás go mbeartaítear rún chun an t-iniúchóir reachtúil a chur as oifig ag cruinniú[36];
- i gcás go mbeartaítear rún chun aon duine seachas an t-iniúchóir láithreach a cheapadh mar iniúchóir reachtúil ag cruinniú.

Chun go mbeidh sé bailí, ní mór cruinniú a bheith comórtha go cuí le fógra, ní mór córam a bheith i láthair (féach thíos), agus ní mór an cruinniú a bheith faoi cheannas ag Cathaoirleach.

## Fógra faoi Chruinniú

Ní mór na nithe seo a leanas a lua san fhógra faoi chruinniú:

- áit, dáta agus am an chruinnithe;
- cineál ginearálta an ghnó a bheidh le déanamh ag an gcruinniú;
- i gcás go mbeartaítear rún speisialta, téacs nó substaint an rúin bheartaithe; agus
- ráiteas lena gcuirtear an comhalta ar an eolas go bhfuil sé nó sí i dteideal seachvótálaí a cheapadh ina ionad nó ina hionad chun bheith i láthair, labhairt agus vótáil ag an gcruinniú, lena n-áirítear foirm seachvótálaí. (Féach Aguisín B – ionstraim lena gceapfar seachvótálaí agus an fhormáid atá ceadaithe.)

30. Alt 196 d'Acht na gCuideachtaí.
31. Alt 181(1)(a) d'Acht na gCuideachtaí.
32. Alt 181(1)(b) d'Acht na gCuideachtaí.
33. Alt 1098 d'Acht na gCuideachtaí.
34. Alt 181(1) d'Acht na gCuideachtaí.
35. Alt 146 d'Acht na gCuideachtaí.
36. Alt 396 d'Acht na gCuideachtaí.

## Seachvótálaí

Is é is seachvótálaí ann ná duine a gceapann aon chomhalta de chuideachta atá i dteideal a bheith i láthair agus vótáil ag cruinniú é nó í, chun teidlíochtaí an chomhalta sin a fheidhmiú ag an gcruinniú. Tá ag seachvótálaí na cearta céanna agus atá ag an gcomhalta chun bheith i láthair, labhairt agus vótáil ag cruinniú[37]. Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt le bunreacht na cuideachta, ní fhéadfaidh comhalta ach seachvótálaí amháin a cheapadh chun bheith i láthair ar an aon ócáid amháin agus, maidir leis an ionstraim lena gceapfar Seachvótálaí:

- ní mór í a bheith i scríbhinn ar údarás an cheapthóra nó a ionadaí dhlíthiúil nó a hionadaí dhlíthiúil atá údaraithe i scríbhinn; nó
- más cuideachta é nó í an ceapthóir, ní mór í a bheith stampáilte le séala na cuideachta nó ar údarás oifigigh nó ionadaí dhlíthiúil atá údaraithe go cuí i scríbhinn; agus
- ní mór í a bheith taiscthe ag oifig chláraithe na cuideachta lena mbaineann nó ag láthair eile mar a bheidh sonraithe 48 n-uaire an chloig ar a laghad roimh an gcruinniú nó roimh an am a ceapadh chun vótaíocht a ghlacadh.

## Córam

Is é is córam ann ná líon seasta comhaltaí nach mór dóibh bheith i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí ag cruinniú ginearálta de chuid cuideachta sula bhféadfaidh an cruinniú dul ar aghaidh agus sula bhféadfar aon ghnó a dhéanamh[38].

Ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt i mbunreacht cuideachta, tá an líon comhaltaí a cheanglaítear chun córam a dhéanamh mar a leanas:

- i gcás cuideachta comhalta aonair, comhalta amháin de chuideachta a bheith i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí ag cruinniú ginearálta;
- i gcás gach cineáil cuideachta eile, beirt chomhaltaí a bheith i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí ag cruinniú ginearálta.

## Cathaoirleach

De ghnáth, is é is cathaoirleach ann ná stiúrthóir atá roghnaithe ag an mbord stiúrthóirí chun bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar chruinnithe ginearálta de chuid cuideachta. Más rud é nach bhfuil cathaoirleach ceaptha ag na stiúrthóirí nó nach bhfuil an cathaoirleach toilteanach gníomhú, féadfaidh na stiúrthóirí atá i láthair duine dá líon a roghnú chun gníomhú mar chathaoirleach ar an gcruinniú. Más rud é nach bhfuil aon stiúrthóir toilteanach gníomhú mar chathaoirleach, féadfaidh na comhaltaí atá i láthair duine dá líon a roghnú chun gníomhú mar chathaoirleach ar an gcruinniú[39].

## Vóta Comhaltaí

Ach amháin i gcás go n-éilítear vótaíocht (de réir alt 189 d'Acht na gCuideachtaí, féach thíos), is ar thaispeáint lámh a chinnfear gach rún a chuirfear faoi réir vótáil ag aon chruinniú ginearálta de chuid cuideachta. Dearbhóidh an cathaoirleach go ndearnadh, ar thaispeáint lámh, rún a rith, nó é a rith d'aonghuth nó ag tromlach sonraithe, nó a chailleadh. I gcás comhionannas vótaí, beidh cathaoirleach an chruinnithe i dteideal an dara vóta nó vóta réitigh a thabhairt. Ba cheart toradh an vóta a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe, agus beidh sé mar fhianaise dhochloíte ar na himeachtaí[40].

37. Alt 183 d'Acht na gCuideachtaí.
38. Alt 182 d'Acht na gCuideachtaí.
39. Alt 187(3) d'Acht na gCuideachtaí.
40. Alt 187(7) d'Acht na gCuideachtaí.

Ag cruinniú, féadfaidh na daoine seo a leanas vótaíocht i ndáil le ní a éileamh[41]:

- cathaoirleach an chruinnithe;
- triúr comhaltaí ar a laghad a bheidh i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaithe;
- aon chomhalta nó comhaltaí a bheidh i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí nó trí sheachvótálaithe agus a ionannóidh 10% ar a laghad de chearta vótála uile na gcomhaltaí go léir a mbeidh ceart vótála acu ag an gcruinniú; nó
- comhalta nó comhaltaí ag a mbeidh scaireanna a thabharfaidh ceart vótála agus arb é a bheidh iontu scaireanna ar íocadh suim chomhiomlán orthu is ionann agus 10% ar a laghad den tsuim iomlán a íocadh ar na scaireanna go léir a thugann an ceart sin.

Ach amháin i gcás go bhforáiltear dá mhalairt le bunreacht na cuideachta agus faoi réir aon srianta a ghabhfaidh le scaireanna d'aon aicme nó aicmí, i gcás ní a bheith á chinneadh:

- ar thaispeáint lámh, beidh vóta amháin ag gach comhalta a bheidh i láthair go pearsanta agus ag gach seachvótálaí (ní bheidh thar vóta amháin ag aon chomhalta aonair);
- ar vótaíocht, ní mór vóta amháin a bheith ag gach comhalta a bheidh i láthair go pearsanta nó trí sheachvótálaí in aghaidh gach scaire a shealbhóidh sé nó sí nó in aghaidh gach €15 de stoc a shealbhóidh sé nó sí[42].

I gcás go bhfuil sealbhóirí comhpháirteacha scaire ann, cinnfear sinsearacht de réir an oird ina mbeidh ainmneacha na sealbhóirí comhpháirteacha i gclár na gcomhaltaí.

### 2.5.6 An Ceart atá ag Comhaltaí chun Faisnéis a Fháil

Tá teidlíocht ag comhalta de chuideachta chun faisnéis áirithe a fháil maidir leis an gcuideachta. Áirítear iad seo a leanas leis an teidlíocht atá ag comhaltaí chun faisnéis a fháil:

- ceart chun cóip a fháil de bhunreacht na cuideachta[43];
- ceart chun cóipeanna a iniúchadh agus a fháil de na leabhair ina bhfuil miontuairiscí ar chruinnithe ginearálta agus rúin[44]; (féach aguisín C chun faisnéis a fháil faoina mbeidh i miontuairiscí);
- ceart chun cóipeanna a iniúchadh agus a fháil de na cláir éagsúla a choimeádann an chuideachta, lena n-áirítear clár na gcomhaltaí, an clár stiúrthóirí agus rúnaithe, agus an clár leasanna stiúrthóirí agus rúnaithe[45]; agus
- ceart chun cóip a fháil de ráitis airgeadais na cuideachta don bhliain airgeadais is déanaí a leagadh faoi bhráid CGB, de thuarascáil na stiúrthóirí don bhliain sin agus de thuarascáil na n-iniúchóirí reachtúla (más ann)[46];
- ceart chun cóipeanna a fháil de ráitis airgeadais fochuideachta a leagadh faoi bhráid CGB mura ndéileáiltear sna ráitis airgeadais ghrúpa leis an bhfochuideachta don bhliain airgeadais is déanaí; agus
- ceart chun cóipeanna a fháil de ráitis airgeadais aon fhochuideachta a leagadh faoi bhráid CGB de chuid na fochuideachta do na 10 mbliana roimhe sin ar tháille nach mó ná €3 a íoc as gach tacar ráiteas airgeadais[47].

41. Alt 189 d'Acht na gCuideachtaí.
42. Alt 188(2)(b) d'Acht na gCuideachtaí.
43. Alt 37 d'Acht na gCuideachtaí.
44. Alt 216 d'Acht na gCuideachtaí.
45. Alt 216 d'Acht na gCuideachtaí.
46. Alt 339 d'Acht na gCuideachtaí.
47. Alt 339(3) agus (4) d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.7 Cumhachtaí Comhaltaí i gcás go ndearna an Chuideachta Mainneachtain

I gcás go ndearna cuideachta nó aon duine dá hoifigigh mainneachtain maidir le haon fhoráil d'Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh, féadfaidh comhalta fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta nó ar na hoifigigh lena gceanglaítear ar an gcuideachta nó ar na hoifigigh an mhainneachtain a leigheas laistigh de 14 lá. Mura leigheasann an chuideachta nó an t-oifigeach an mhainneachtain, féadfaidh comhalta iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt ar ordú lena n-ordófaí don chuideachta nó don oifigeach an mhainneachtain a shlánú[48]. Tá an chumhacht ag an Údarás freisin iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt ar an leigheas sin.

### 2.5.8 Ceart Comhaltaí chun Iarratas a Dhéanamh ar Chuideachta a Chur ar Ais ar an gClár[49]

Féadfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí, tar éis fógra poiblí a thabhairt i dtaobh an rúin déanamh amhlaidh, cuideachta a bhaint den chlár[50] ar cheann ar bith de na forais seo a leanas:

- mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt de réir mar is gá; nó
- níl aon duine ann atá taifeadta a bheith ina stiúrthóir reatha ar an gcuideachta; nó
- thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra gur mhainnigh an chuideachta ráiteas faoi shonraí ag cuideachtaí nua a sheachadadh; nó
- tá forais réasúnacha ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh an cheanglais reachtúil chun stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi i stát de chuid LEE a bheith aici nó banna a shealbhú[51]; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus níl aon tuairisceáin tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile[52].

Ag dáta dhíscaoileadh na cuideachta, féadfaidh comhalta nó oifigeach de chuid na cuideachta iarratas a dhéanamh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ar an gcuideachta a chur ar ais ar an gclár[53] laistigh de 12 mhí ón dáta a baineadh í den chlár. Ar choinníoll gur deimhin leis an gCláraitheoir gur comhdaíodh na doiciméid uile a bhí amuigh agus gur íocadh na táillí uile a bhí gan íoc, féadfaidh sé nó sí an chuideachta a chur ar ais ar an gclár. I gcás go gcuireann an Cláraitheoir an chuideachta ar ais ar an gclár, meastar gur lean an chuideachta ar marthain amhail is nach mbainfí den chlár í[54].
Tá faisnéis shonrach mhionsonraithe faoi chuideachta a chur ar ais ar chlár na gcuideachtaí ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie.

48. Alt 797 d'Acht na gCuideachtaí.
49. Ailt 737 agus 738 d'Acht na gCuideachtaí.
50. Ailt 732 agus 733 d'Acht na gCuideachtaí.
51. Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí.
52. Sonraítear in alt 726 na forais mar a bhféadfaidh an Cláraitheoir cuideachta a bhaint den Chlár.
53. Alt 737 d'Acht na gCuideachtaí.
54. Alt 737(5) d'Acht na gCuideachtaí.

Tar éis an tréimhse 12 mhí dá dtagraítear thuas do dhul in éag, féadfaidh aon chomhalta, oifigeach nó creidiúnaí de chuid na cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt[55] ar an gcuideachta a chur ar ais[56] ar an gclár (ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas laistigh de 20 bliain ón dáta a baineadh an chuideachta den chlár). I gcás gur deimhin leis an gCúirt go mbeadh sé cóir cothromasach an chuideachta a chur ar ais ar an gclár[57], meastar gur lean an chuideachta ar marthain amhail is nach mbainfí den chlár í. Féadfaidh an Chúirt freisin, áfach, más cuí léi, a ordú go mbeidh na hoifigigh, nó aon duine amháin nó níos mó díobh, faoi dhliteanas i leith aon fhiach a thabhaigh an chuideachta le linn na tréimhse ina raibh sí bainte den chlár[58].

Maidir leis an tréimhse ama le haghaidh iarratas a dhéanamh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ar Chuideachta Bainistíochta Maoine a chur ar ais ar an gclár, fadaíodh í go 6 bliana leis an Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011[59]. Féadfaidh feidhm a bheith ag ceanglais riaracháin eile i gcásanna den sórt sin. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí ag www.cro.ie.

Nuair a bhaintear cuideachta den chlár, aistreofar úinéireacht ar shócmhainní na cuideachta chuig an Stát go huathoibríoch. Fanfaidh siad faoi úinéireacht an Stáit go dtí cibé am a chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. Le linn don chuideachta a bheith bainte den chlár, leantar den dliteanas atá ar gach stiúrthóir, gach oifigeach agus gach comhalta de chuid na cuideachta agus féadfar é a fhorghníomhú[60] ionann is dá mba rud é nár díscaoileadh an chuideachta.

### 2.5.9 Ceart Comhaltaí chun Imscrúdú ar Chuideachta a Lorg[61]

Ar iarratas a fháil ó dhaoine áirithe, féadfaidh an chúirt cigire inniúil amháin nó níos mó a cheapadh chun cúrsaí cuideachta a imscrúdú chun na nithe a sonraíodh a fhiosrú.

Féadfaidh aon duine de na daoine seo a leanas an t-iarratas sin a dhéanamh chuig an gcúirt:

- an chuideachta;
- líon nach lú ná deichniúr comhaltaí den chuideachta;
- comhalta, nó comhaltaí, a shealbhaíonn an deichiú cuid nó níos mó de scairchaipiteal íoctha na cuideachta;
- stiúrthóir den chuideachta; nó
- creidiúnaí den chuideachta.

Aon duine a bhfuil sé de rún aige nó aici iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn i dtaobh an rúin atá aige nó aici don Údarás tráth nach lú ná 14 lá roimh ré. Tá teidlíocht ag an Údarás i leith láithriú agus éisteacht a fháil ar éisteacht an iarratais. I gcás go gceapann an Chúirt Cigire, sonróidh sí na nithe beachta ar cheart fiosruithe a dhéanamh orthu. Féadfaidh an Chúirt a cheangal ar an iarratasóir nó ar na hiarratasóirí urrús a thabhairt i leith costais an imscrúdaithe a íoc. Tógann cigirí a cheaptar faoin alt seo ordacháin ón gCúirt agus tuairiscíonn siad don Chúirt.

55. Alt 743 d'Acht na gCuideachtaí – ciallaíonn 'Cúirt' an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda.
56. Alt 738 d'Acht na gCuideachtaí.
57. Alt 741 d'Acht na gCuideachtaí.
58. Alt 742(c) d'Acht na gCuideachtaí.
59. Níl an tAcht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011, ina chuid d'Acht na gCuideachtaí agus, dá réir sin, níl aon ról ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach in aon ghné den Acht sin a fhorfheidhmiú.
60. Alt 734 d'Acht na gCuideachtaí.
61. Alt 747 d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.5.10 Ceart chun Achainí a Dhéanamh ar Chuideachta a Fhoirceannadh[62]

Tá an ceart ag comhalta de chuideachta chun achainí a dhéanamh chuig an gCúirt ar chuideachta a fhoirceannadh ar roinnt foras[63] (faoi réir eisceachtaí áirithe). Is iondúil go bhfeidhmíonn comhalta an ceart sin sna cásanna seo a leanas, mar shampla:

- tá sáinn ann i mbainistíocht na cuideachta;
- ní féidir cuspóirí na cuideachta a bhaint amach a thuilleadh;
- tá an chuideachta á húsáid mar uirlis calaoise;
- tá ag an gcuideachta líon beag comhaltaí nach mian leo a thuilleadh gnó a sheoladh lena chéile.

### 2.5.11 Ceart chun Achainí a Dhéanamh ar Fhaoiseamh i gCásanna Leatroim[64]

Aon chomhalta de chuideachta a mheasfaidh go bhfuil cúrsaí na cuideachta á stiúradh nó go bhfuil cumhachtaí na stiúrthóirí á bhfeidhmiú:

a) ar mhodh atá leatromach air féin nó uirthi féin nó ar aon duine de na comhaltaí, nó

b) gan aird a thabhairt ar a leasanna mar chomhaltaí,

féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na cúirte ar ordú faoin alt seo.

Is é is iompar leatromach ann ná údarás na cuideachta a fheidhmiú ar mhodh atá dian, géar agus éagórach. Áirítear leis na cineálacha iompair as a bhféadfadh iarratas den sórt sin teacht idirbhearta calaoiseacha agus neamhdhleathacha, bainistiú leatromach, agus eisiamh an chomhalta ó bhainistiú na cuideachta.

Maidir leis na horduithe a fhéadfaidh cúirt a dhéanamh amhlaidh, folaíonn siad ordú[65]:

- lena n-ordaítear nó lena dtoirmisctear aon ghníomh nó lena gcealaítear nó lena n-athraítear aon idirbheart;
- chun seoladh chúrsaí na cuideachta sa todhchaí a rialáil;
- le haghaidh ceannach scaireanna aon chomhaltaí de chuid na cuideachta ag comhaltaí eile dá cuid nó ag an gcuideachta agus, i gcás an chuideachta á gceannach, chun caipiteal na cuideachta a laghdú dá réir sin; agus
- chun cúiteamh a íoc.

62. Alt 571 d'Acht na gCuideachtaí.
63. Alt 569 d'Acht na gCuideachtaí.
64. Alt 212 d'Acht na gCuideachtaí.
65. Alt 212(3) d'Acht na gCuideachtaí.

# 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

## 3.1 Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla

### Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt

Faoi Acht na gCuideachtaí, déantar foráil do dhá chineál ciona choiriúla, eadhon cionta achoimre agus cionta indíotáilte. Is gnách gur de chineál níos neamh-thromchúisí atá cion achomair agus déantar é a thriail os comhair breithimh agus ní dhéantar é a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche. Is gnách gur de chineál níos tromchúisí atá cionta indíotáilte. Faoi mar atá amhlaidh i gcás cionta achoimre, ní fhéadfar cionta indíotáilte a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche agus os comhair breithimh. Is í an difríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte, áfach, ná gurb amhlaidh, mar gheall ar an gcineál níos tromchúisí atá ag gabháil leo, a fhéadfar cionta indíotáilte a thriail sa Chúirt Chuarda, i.e., os comhair breithimh agus giúiré. I gcás go ndéantar amhlaidh, deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, is gnách go mbíonn na pionóis a bhforáiltear dóibh leis an dlí ar chiontú i bhfad níos airde ná mar a bheadh na pionóis dá mba rud é gur ionchúisíodh an cion go hachomair.

Faoi alt 871 d'Acht na gCuideachtaí, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo a sonrófar gur cion de chuid earnáil 1 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A[66] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Go ginearálta, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 2 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 3 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 4 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A a chur air nó uirthi.

Féadfaidh an Chúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhearbhú nó a thaifeadadh an duine ciontaithe a ordú chun an sárú a leigheas[67].

66. Ciallaíonn "fíneáil de chuid aicme A" agus an méid seo á fhoilsiú fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha, 2010).
67. Alt 872 d'Acht na gCuideachtaí.

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí, áfach, do smachtbhannaí i bhfad níos airde i ndáil le cionta áirithe, amhail:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht[68] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoin dlí maidir le trédhearcacht (margaí rialáilte)[69];
- An Treoir Réamheolaire[70] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi Dhlí Réamheolaire na hÉireann[71];
- An Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh[72] – fíneáil nach mó ná €10 milliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid mhargaidh[73].

## 3.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháiliú

De bhreis ar fhíneálacha agus pionóis mar gheall ar chionta coiriúla, tá forálacha ann freisin maidir le smachtbhannaí eile faoi Acht na gCuideachtaí, amhail dícháiliú agus srian.

Ciallaíonn "dícháiliú" duine a bheith dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, iniúchóir reachtúil, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir, nó chun baint nó páirt a bheith aige nó aici ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, i dtionscnamh, foirmiú nó bainistiú aon chuideachta[74].

Féadfar duine a dhícháiliú:

a) trí Ordú Dícháilíochta ón gcúirt; nó
b) trí ghlacadh le Gealltanas maidir le Dícháiliú – áit a nglacann an duine leis go gcuirfear faoi dhícháiliú é nó í trí ghlacadh le gealltanas forordaithe maidir le dícháiliú agus trí é a shíniú.

### Dícháiliú Uathoibríoch[75]

Dícháilíonn an chúirt duine go huathoibríoch má chiontaítear an duine sin ar díotáil:

- in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile, de réir mar a bheidh forordaithe, i ndáil le cuideachta; nó
- in aon chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Beidh aon duine a ndícháilíonn an chúirt é nó í faoi réir ordú dícháilíochta ar feadh tréimhse cúig bliana nó ar feadh cibé tréimhse eile a shonróidh an chúirt. Tá oibleagáid ar an gcúirt mionsonraí faoin ordú dícháilíochta a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun go gcuirfear na mionsonraí arna soláthar ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[76].

68. Na Rialacháin maidir le Trédhearcacht (Treoir 2004/109/CE), 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.
69. Alt 1382 d'Acht na gCuideachtaí.
70. Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.
71. Alt 1356 d'Acht na gCuideachtaí.
72. Na Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaidh (Treoir 2014/57/AE), 2016 – I.R. Uimh. 349 de 2016 (arna leasú le I.R. Uimh. 11 de 2017 agus le I.R. Uimh. 375 de 2017).
73. Alt 1368 d'Acht na gCuideachtaí.
74. Alt 838 d'Acht na gCuideachtaí.
75. Alt 839 d'Acht na gCuideachtaí.
76. Ailt 863 agus 864 d'Acht na gCuideachtaí.

Féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na gCúirteanna freisin ar dhícháiliú aon duine ar roinnt foras[77], lena n-áirítear:

- é nó í a bheith ciontach in dhá chion nó níos mó i ndáil le cionta a bhaineann le taifid chuntasaíochta (alt 286);
- é nó í a bheith ciontach i mainneachtainí rialta faoi Acht na gCuideachtaí;
- é nó í a bheith ciontach i dtrádáil chalaoiseach nó mheargánta agus é nó í ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuideachta.

## Gealltanas maidir le Dícháiliú[78]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar rogha do dhuine (i gcás go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil feidhm ag imthosca áirithe i ndáil le duine) é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe gan an gá le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfar leas a bhaint as an nós imeachta sin i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an Údarás chun a chreidiúint go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca a shonraítear in alt 842(a) go (i) d'Acht na gCuideachtaí maidir leis an duine[79]. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don duine é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe. I gcás go gcuireann an duine é nó í féin faoi réir "gealltanas maidir le dícháiliú" agus go seolann sé nó sí an doiciméad um ghlacadh le dícháiliú ar ais chuig an Údarás, agus é sínithe go cuí, measfar é nó í a bheith ina dhuine dícháilithe nó ina duine dícháilithe. Tá oibleagáid ar an Údarás mionsonraí faoin dícháiliú a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[80].

## Srian

Tá feidhm ag na forálacha a bhaineann le stiúrthóirí cuideachta a shrianadh[81] maidir le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e., cuideachtaí nach bhfuil in ann a bhfiacha[82] a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil sí dócmhainneach, maidir le haon stiúrthóir ar an gcuideachta a mhainníonn an tÚdarás nó an Chúirt a shásamh gur ghníomhaigh sé go macánta agus go freagrach, féadfar é nó í a shrianadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

## Gealltanas maidir le Srian[83]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar deis don duine é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta gan gá a bheith ann le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta. Áireofar leis an tairiscint na himthosca, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Údarás a bheith ag teacht ar an gcreideamh go bhfuil srianadh cuí.

I gcás go nglacann an duine leis an srianadh, agus go seolann sé an doiciméad maidir le glacadh le srianadh ar ais, agus é sínithe go cuí, seolfaidh an tÚdarás mionsonraí faoin "gealltanas maidir le srian" chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár daoine srianta[84].

77. Alt 842 d'Acht na gCuideachtaí.
78. Alt 849 d'Acht na gCuideachtaí.
79. Is iad sin na himthosca a mbeadh ordú dícháilíochta mar thoradh orthu dá mba dheimhin leis an gcúirt go bhfuil feidhm acu, agus leagtar amach iad in alt 862 d'Acht na gCuideachtaí.
80. Alt 864 d'Acht na gCuideachtaí.
81. Ailt 819 agus 820 d'Acht na gCuideachtaí.
82. Alt 570 d'Acht na gCuideachtaí.
83. Alt 852 d'Acht na gCuideachtaí.
84. Alt 823 d'Acht na gCuideachtaí.

Le srian den sórt sin, coisctear duine chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, mar stiúrthóir nó mar rúnaí nó chun baint a bheith aige nó aici i bhfoirmiú nó tionscnamh aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach[85]. I gcás cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is é €500,000 i scairchaipiteal íoctha leithroinnte an ceanglas caipitil agus, i gcás aon chuideachta eile, is é €100,000 an ceanglas caipitil. Tá cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos doichte maidir le cothabháil caipitil freisin.

Aon duine a leanann de bheith i mbun oifige mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srian a bheith ar siúl gan an chuideachta a bheith caipitlithe go leordhóthanach, measfar, gan cruthúnas ar aon rud breise, gur sháraigh sé nó sí Acht na gCuideachtaí agus dícháileofar é nó í go huathoibríoch mar stiúrthóir. **Pléitear topaic an tsrianta go mion in Aguisín B a ghabhann le Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta.**

Aon duine a ghníomhaíonn, i ndáil le haon chuideachta, ar mhodh nó i gcáil a mbeidh toirmeasc air nó uirthi gníomhú amhlaidh de bhua é nó í a bheith ina dhuine nó ina duine (a) atá faoi réir ordú dícháilíochta, nó (b) atá faoi réir dearbhú maidir le srian, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 2[86].

## Cuideachta a Bhaint den Chlár[87]

Féadfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt i dtaobh an rúin cuideachta a bhaint den chlár ar cheann ar bith de na forais seo a leanas:

- mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt de réir mar is gá; nó
- níl aon duine ann atá taifeadta a bheith ina stiúrthóir reatha ar an gcuideachta; nó
- thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra gur mhainnigh an chuideachta ráiteas faoi shonraí ag cuideachtaí nua a sheachadadh; nó
- tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh an cheanglais chun stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi i stát de chuid LEE a bheith aici nó nach sealbhaíonn sí an banna riachtanach in éagmais stiúrthóir den sórt sin a bheith ann[88]; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus níl aon tuairisceáin tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Má bhaintear cuideachta den chlár, aistreofar úinéireacht ar shócmhainní na cuideachta chuig an Stát go huathoibríoch. Fanfaidh siad faoi úinéireacht an Stáit go dtí cibé am a chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. Le linn don chuideachta a bheith bainte den chlár, leantar den dliteanas atá ar gach stiúrthóir, gach oifigeach agus gach comhalta de chuid na cuideachta agus féadfar é a fhorghníomhú[89] ionann is dá mba rud é nár díscaoileadh an chuideachta.

Maidir leis na nósanna imeachta a cheanglaítear a chomhlíonadh chun go gcuirfear cuideachta ar ais ar an gclár, pléitear iad in Aguisín A a ghabhann le Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí. Tá faisnéis shonrach mhionsonraithe faoi chuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí – www.cro.ie

85. Alt 819(3) d'Acht na gCuideachtaí.
86. Alt 855 d'Acht na gCuideachtaí.
87. Alt 725 d'Acht na gCuideachtaí.
88. Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí.
89. Alt 734 d'Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín A

## Aicmí Scaireanna

### Réamhrá

Beidh cearta agus dualgais aon chomhalta ag brath ar bhunreacht na cuideachta. Ní fhabhraíonn cearta áirithe ach amháin do chomhaltaí is scairshealbhóirí i gcuideachta. Ní mór do chomhalta de chuideachta faoi theorainn scaireanna a bheith ina scairshealbhóir sa chuideachta. I gcás go bhfuil scairchaipiteal ag cuideachta, glactar leis go mbeidh cearta comhionanna ag gabháil leis na scaireanna go léir ach féadfaidh an chuideachta, ina bunreacht, cumhacht a chruthú chun aicmí difriúla nó speisialta scaireanna a eisiúint, lena n-áirítear gnáthscaireanna, scaireanna tosaíochta agus scaireanna infhuascailte.

### Gnáthscaireanna

Is gnách go ngabhann an ceart chun vótála le gnáthscaireanna. I gcás go bhfoirceanntar cuideachta, is gnách go mbíonn ceart acu chun páirt a ghlacadh in aon chistí barrachais (i.e., nuair a bheidh na creidiúnaithe uile urscaoilte) thar an méid socraithe a d'infheistigh siad ina scaireanna ar dtús.

I gcás go ngabhann leibhéil ualaithe nó dhifriúla cumhachta vótála le gnáthscaireanna, ach go ngabhann teidlíochtaí comhionanna leo maidir le díbhinní agus le caipiteal, is gnách go roinntear iad ina n-aicmí, e.g., Gnáthscaireanna d'Aicme A, Gnáthscaireanna d'Aicme B, etc.

### Scaireanna Tosaíochta

Gabhann cearta tosaíochta le scaireanna tosaíochta, maidir le díbhinn agus le caipiteal sa chuid is mó de chásanna. Is iondúil go dtugtar le scair a bhfuil tosaíocht léi maidir le díbhinn de cheart don chomhalta íocaíocht díbhinne a fháil chun tosaigh ar shealbhóirí gnáthscaireanna. Is iondúil go luaitear teidlíochtaí sealbhóirí scaireanna tosaíochta i leith díbhinní mar cheart chun céatadán in aghaidh na bliana de luach ainmniúil na scaire.

Le scair a bhfuil tosaíocht léi maidir le caipiteal, tugtar de cheart don chomhalta aisíocaíocht iomlán as an infheistíocht chaipitil a rinne sé nó sí sa chuideachta a fháil sula dtugtar a gcaipiteal ar ais do shealbhóirí gnáthscaireanna nuair a dhéantar an chuideachta a fhoirceannadh.

### Scaireanna Infhuascailte

Is scaireanna a bhfuil an chuideachta i dteideal iad a fhuascailt (i.e., a cheannach ar ais) óna comhaltaí iad scaireanna infhuascailte. I gcás go ndéantar scaireanna a fhuascailt, is gnách go ndéanann an chuideachta iad a chur ar ceal. Is é is scair cisteáin ann, áfach, ná scair a choinníonn an chuideachta ar a fuascailt agus a fhéadfar a atheisiúint ina dhiaidh sin.

### Scaireanna Bónais

Is scaireanna a eisítear chuig na scairshealbhóirí i gcomhréir lena scairshealbha láithreacha iad scaireanna bónais. Eisítear iad amhail is dá mbeadh siad íoctha go hiomlán, i.e., ní gá do na scairshealbhóirí íoc astu. Is iondúil go n-íoctar iad as brabúis charntha a aistríodh chuig caipiteal, i.e., a caipitlíodh.

# Aguisín B

## Foirm Seachvótálaí[90]

Is san fhoirm seo a leanas, nó i bhfoirm chomh cóngarach di agus is féidir sna himthosca, a bheidh an ionstraim lena gceapfar seachvótálaí—

- [ainm na cuideachta] ("an Chuideachta")
- Déanann [ainm an chomhalta] ("an Comhalta") as [seoladh an chomhalta] is comhalta den Chuideachta [ainm agus seoladh an tseachvótálaí] nó, ina éagmais sin nó ina héagmais sin,
- [ainm agus seoladh an tseachvótálaí mhalartaigh] a cheapadh leis seo ina sheachvótálaí nó ina seachvótálaí don Chomhalta chun bheith i láthair, labhairt agus vótáil don Chomhalta thar ceann an Chomhalta ag an gcruinniú ginearálta (bliantúil nó urghnách, de réir mar a bheidh) den Chuideachta a thionólfar an [dáta an chruinnithe] agus ag aon atráthú ar an gcruinniú.

Is mar seo a leanas a vótálfaidh an seachvótálaí:

| Treoracha Vótála don Seachvótálaí (an rogha le marcáil le 'X') | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir an rúin nó tuairisc air:** | **I bhFabhar** | **Staonadh** | **I gCoinne** |
| 1 | | | |
| 2 | | | |
| 3 | | | |
| Mura dtabharfar a mhalairt de theagasc don seachvótálaí, vótálfaidh sé nó sí mar is cuí leis nó léi. | | | |
| Síniú an chomhalta | | | |
| Dar dáta: [dáta] | | | |

90. Alt 184 d'Acht na gCuideachtaí.

# Aguisín C

## Foirm Léiritheach agus a mBeidh i Miontuairiscí ar Chruinnithe Ginearálta

Le hAcht na gCuideachtaí, ceanglaítear ar chuideachtaí miontuairiscí a choimeád ar imeachtaí uile na gcruinnithe ginearálta agus ní mór téarmaí na rún uile a thaifeadadh i leabhair a choimeádtar chuige sin[91]. Ceanglaítear na leabhair a choimeád san áit chéanna. Má mhainníonn cuideachta miontuairiscí ar chruinnithe nó rúin de chuid na cuideachta a choimeád, beidh an chuideachta, agus aon oifigeach di a rinne mainneachtain, ciontach i gcion de chuid earnáil 4[92].

Ní shonraítear in alt 199 an fhaisnéis ba cheart a thaifeadadh sna miontuairiscí. Mar sin féin, ba cheart miontuairiscí a bheith ina léiriú cruinn ar cad a tharla ag cruinniú. Dá réir sin, moltar gur cheart, ar a laghad, an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh i miontuairiscí.

### Cruinnithe Ginearálta Cuideachtaí

- Dáta, am agus suíomh an chruinnithe;
- Ainm na stiúrthóirí agus an rúnaí atá i láthair;
- Daoine óna bhfuarthas leithscéal as a neamhábaltacht freastal;
- Ainm an duine atá ag déanamh cathaoirleacht ar an gcruinniú (Cathaoirleach);
- Ainm na ndaoine eile atá i láthair (ag an 'bpríomhthábla') agus an cháil ina bhfuil siad ag freastal;
- Ceadú na miontuairiscí ar an gcruinniú roimhe agus aon cheartúcháin a iarradh;
- Mionsonraí faoi aon doiciméid nó aon pháipéir a cuireadh síos lena mbreithniú ag na comhaltaí, lena n-áirítear teideal agus údar aon doiciméad den sórt sin. Doiciméid a bheidh mar bhonn eolais faoi chinntí (rúin) ag an gcruinniú, amhail na ráitis airgeadais agus tuarascáil an iniúchóra (i gcás inarb infheidhme), ní mór iad a scaipeadh ar na comhaltaí roimh an gcruinniú chun deis a thabhairt dóibh iad a scrúdú;
- Mionsonraí faoi thograí a cuireadh faoi bhráid na gcomhaltaí le haghaidh vótáil, ainm na ndaoine a chuir na tograí ar aghaidh agus ainm na ndaoine a thacaigh leis na tograí;
- Mionsonraí faoi aon choinbhleachtaí leasa a dhearbhaigh stiúrthóirí agus cé acu ab amhlaidh nó nárbh amhlaidh, mar shampla, a staon siad ó pháirt a ghlacadh in aon phlé, a staon siad ó aon vótáil a tógadh nó a d'fhan siad as láthair ón gcruinniú le linn aon phlé ar an ní;
- Ba cheart cuntas ar na tuairimí a chuir gach duine a rinne rannchuidiú leis an bplé in iúl a thaifeadadh, lena n-áirítear, mar shampla, ceisteanna a chuir na comhaltaí ón urlár ar an mbord agus na freagraí a tugadh. Cé go bhféadfar achoimre a dhéanamh sna miontuairiscí ar na rannchuidithe a rinneadh, ba cheart léiriú cruinn a thabhairt san achoimre ar shubstaint na rannchuidithe a rinneadh. I gcás go n-iarrann comhalta boird go sonrach go dtaifeadfaí a rannchuidiú sna miontuairiscí, e.g., i gcás go dtagann easaontas chun cinn, ba cheart a bheith an-chúramach a chinntiú go léirítear sna miontuairiscí an rannchuidiú a rinneadh;
- Na torthaí ar aon vótáil a tógadh (mar a dhearbhaigh an Cathaoirleach) agus cé acu a tógadh í ar thaispeáint lámh nó ar vótaíocht;
- Mionsonraí faoi na rúin a rith an chuideachta, i.e., cinntí foirmiúla a rinneadh tar éis vótála;
- Síniú Chathaoirleach an bhoird lena ndeimhnítear gur léiriú cruinn ar na himeachtaí iad na miontuairiscí taifeadta;
- Ba cheart an clár oibre, mar a scaipeadh é ar na daoine sin a bhí le freastal ar an gcruinniú, a cheangal mar aguisín leis na miontuairiscí (ba cheart gach mír ar an gclár oibre a bheith uimhrithe go seicheamhach chun tagairt a éascú).

91. Alt 199 d'Acht na gCuideachtaí.
92. Alt 871 d'Acht na gCuideachtaí.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil

An English version of this booklet is available

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority